**Ciorclán 0012/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha**
**Agus chuig**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Teastas Iarchéime san Oideachas do Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais (AS) do mhúinteoirí a oibríonn le Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Oideachais Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna príomhshrutha, 2023/2024

## Réamhrá

Féachfar leis an gclár seo le forbairt ghairmiúil theoiriciúil agus phraiticiúil shubstaintiúil a sholáthar do mhúinteoirí a oibríonn le scoláirí atá ar speictream an uathachais agus, mar sin, beidh siad ábalta cur le hacmhainn iomlán na scoile sa réimse seo.

## An Clár 2023-2024

Sa scoilbhliain 2023-2024 cuirfear Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais ar fáil in Institiúid Oideachais DCU, Campas Phádraig DCU, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Mairfidh an Clár ó mhí Mheán Fómhair 2023 go dtí tús mhí na Bealtaine 2024.

Déan iarratas ar líne le do thoil trí www.dcu.ie/ise/gceas

Is é 24 Márta 2023 an spriocdháta d'iarratais.

Tá ocht n-áit déag ar fáil i mbliain an Chláir 2023/2024.

## Maoiniú

Soláthraíonn an Rannóg um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais maoiniú i gcomhair an chláir.

## Aidhm agus Ábhar

Is é is aidhm leis an gclár forbairt ghairmiúil theoiriciúil agus phraiticiúil shubstaintiúil a sholáthar do mhúinteoirí a oibríonn le scoláirí atá ar Speictream an Uathachais agus, mar sin, cur le hacmhainn iomlán na scoile sa réimse seo. Bronnfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cáilíocht Teastais Iarchéime. Déanfar measúnú ar na rannpháirtithe ar bhonn **tinreamh iomlán agus rannpháirtíocht iomlán** i ngach gné den chúrsa. Moltar d'iarrthóirí go bhféadfadh sé go mbeadh taifeadtaí ag teastáil le haghaidh tascanna. Tá tuilleadh sonraí faoin gcúrsa agus faoi chosaint sonraí le fáil ar an leathanach gréasáin seo a leanas https://www.dcu.ie/courses/Postgraduate/institute_of_education/Graduate-Certificate-Education-Pupils-Autism-Spectrum.

## Fad agus Eagrú

Clár bliana páirtaimseartha den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) Leibhéal 9 is ea an clár seo a sholáthrófar ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí na Bealtaine 2024, agus tá 5 mhodúl ann. Déantar measúnú ar na modúil sin trí thascanna praiticiúla agus scríbhneoireachta go dtí caighdeán leibhéal 9. Éilítear leis an gclár go scaoilfear na rannpháirtithe óna scoileanna ar feadh trí seachtaine den bhliain acadúil (mí Mheán Fómhair, mí na Samhna agus mí Feabhra). Beidh léachtaí agus ranganna teagaisc tráthnóna ann (1-2 in aghaidh na míosa) a bheidh ar siúl ar an Máirt de ghnáth agus beidh dhá bhreathnóireacht cleachtais i do scoil.

Soláthraítear an cúrsa i samhail chumaisc trí fhoghlaim ar an gcampas ag Institiúid Oideachais DCU, Campas Phádraig agus gníomhaíochtaí sioncronacha agus aisincrónacha ar líne.

## Incháilitheacht

Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfidh gach múinteoir a bheith cláraithe de réir Alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015. Féach suíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá an clár seo le haghaidh múinteoirí cláraithe **a bhfuil post acu atá maoinithe faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus atá ag obair faoi láthair le scoláirí atá ar Speictream an Uathachais (AS) nó a bheidh ag obair le scoláirí atá ar Speictream an Uathachais (AS) ar feadh tréimhse an Chláir i mBunscoileanna aitheanta, lena n-áirítear Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna aitheanta.** Tá an clár deartha go sonrach chun cuidiú le múinteoirí freastal ar riachtanais foghlama agus teagaisc na scoláirí atá ar Speictream an Uathachais. Caithfidh ról suntasach teagaisc a bheith ag iarratasóirí ionchasacha mar sin maidir le scoláirí atá ar Speictream an Uathachais.

Bunoideachas:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá nDeimhniú Clárúcháin [1]ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má bhíonn an réimse "Bealach" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc san earnáil bunoideachais príomhshrutha nó chun scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a mhúineadh.

Ba chóir go mbeadh próiseas aitheanta ionduchtaithe curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ó Bhunscoileanna de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta agus ba chóir go mbeadh post acu i bpost ceadaithe i réimse an oideachais speisialta nó a bheith ag tosú post den sórt sin i mí Mheán Fómhair 2023.

Iar-bhunoideachas:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá nDeimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má bhíonn an réimse "Bealach" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc san earnáil iar-bhunoideachais príomhshrutha nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh san earnáil iar-bhunoideachais.

Ba chóir go mbeadh próiseas aitheanta ionduchtaithe curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ó Bhunscoileanna de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an

[1] Tá Deimhnithe Clárúcháin ar fáil lena n-íoslódáil trí logáil isteach sa Rannóg 'Mo Chlárúchán' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtas Gairmiúil.

Scoileanna Speisialta:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá nDeimhniú Clárúcháin [2]ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má bhíonn an réimse "Bealach" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc sna hearnálacha bunoideachais nó iar-bhunoideachais príomhshrutha nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san earnáil bunoideachas nó iar-bhunoideachas a theagasc nó chun teagasc i suíomhanna scoile speisialta.

Ba chóir go mbeadh próiseas aitheanta ionduchtaithe curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ó Scoileanna Speisialta de réir na riachtanas atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtas Gairmiúil.

Lonnú Múinteoirí a bheidh ag Tabhairt faoin gClár Teastais Iarchéime:

Cé go bhfuil an clár seo á chur i gcrích ag múinteoirí agus ar feadh tréimhse réasúnta ama i ndiaidh dóibh an clár a chríochnú, moltar do lucht bainistíochta na scoile i ngach cineál scoil aitheanta gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbainfidh scoláire atá ar Speictream an Uathachais leas fós as eolas agus as saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí fhoghlaim agus teagasc na scoláirí atá ar Speictream an Uathachais a shannadh don mhúinteoir lena mbaineann. Is féidir le cleachtais chomhoibríocha, amhail teagasc i bhfoirne, a bheith mar chuid de na socruithe sin freisin.
Agus múinteoir á ainmniú chun páirt a ghlacadh, ní mór do phríomhoide na scoile gealltanas a thabhairt go lonnófar an múinteoir/go leagfar amchlár an mhúinteora chun teagasc i ról oideachais speisialta ar feadh thréimhse an chláir agus ar feadh tréimhse réasúnta amach anseo, de réir na riachtanas sa scoil.

[2] Tá Deimhnithe Clárúcháin ar fáil lena n-íoslódáil trí logáil isteach sa Rannóg Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh rochtain ag múinteoirí ar ríomhaire agus ar an Idirlíon.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil fianaise ar ghrinnfhiosrúchán críochnaithe an Gharda Síochána de dhíth chun páirt a ghlacadh sa chúrsa.

## Iarratais agus Roghnú

Déantar iarratais ó iarrthóirí incháilithe arna n-ainmniú ag a n-údarás scoile trí iarratas a chur isteach ar líne ag www.dcu.ie/ise/gceas.

Is é 24 Márta 2023 an spriocdháta d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais ó níos mó ná múinteoir amháin ar a mhéad as gach scoil a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa Chiorclán seo de ghnáth. Ní gá d'iarratasóirí ar an gclár seo freastal ar agallamh.

## Táillí

Ní bheidh aon táille ná muirir chlárúcháin i bhfeidhm le haghaidh iarratasóirí atá incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

## Taisteal agus Cothú

Soláthrófar taisteal agus cothú d'aon cheann de na gnéithe aghaidh le haghaidh den chlár de réir Chiorclán 11/82 de chuid na Roinne Airgeadais maidir le Taistil agus Cothabháil. Déantar na rátaí nuashonraithe taistil agus cothabhála a thaifeadadh i gCiorclán 23/2021 maidir le Rátaí Cothabhála Baile agus i gCiorclán 16/2022 maidir le rátaí Mótarthaistil. Tabhair faoi deara, le do thoil, maidir le haon taisteal agus cothabháil atá dlite faoin gCiorclán seo, go mbeidh an ráta oiliúna i bhfeidhm.

## Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar aon saoire phearsanta bhreise maidir le rannpháirtíocht sa Chúrsa seo.

## Ionadú

Ceadófar ionadú, a bheidh le ceadú ag údarás bainistíochta na scoile/BOO. Ní mór a mheas go bhfuil an t-ionadú riachtanach chun tréimhsí ceadaithe neamhláithreachta an mhúinteora ó dhualgas múinteoireachta chun freastal ar an gcúrsa a chlúdach. Ní mór don scoil doiciméid ón gcoláiste ina sonrófar sonraí na neamhláithreachta a choinneáil. **Ba chóir a thabhairt faoi deara nach soláthróidh an Roinn Oideachais clúdach le haghaidh ionadú íoctha má ghlacann múinteoir saoire phearsanta le linn ghné blocscaoilte an Chláir.**

## Socruithe Tuarastail

Gheobhaidh gach múinteoir a scaoilfear óna scoil faoi théarmaí an Chláir seo dá dtuarastal a fháil ar an ngnáthbhealach.

Tabhair faoi deara le do thoil nach mbeidh aon teidlíocht ar luach saothair breise ón Roinn Oideachais mar thoradh ar chur i gcrích rathúil an Chláir seo.

## Clár Máistreachta

Ar chur i gcrích rathúil an Teastais Iarchéime in Oideachas Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais d'fhéadfadh múinteoirí a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar an Máistreacht Oideachais san Uathachas (M.Ed. san Uathachas) ag Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Jill Fannin**
**Príomhoifigeach**

**24 Feabhra, 2023**